THÓG LIAM AGUS ISIBÉAL CAISLEÁIN EILE IN ÉIRINN

An féidir leat na cosúlachtaí a aimsiú idir na caisleáin ag Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Fearna?

Nuair a chuireann tú iad i gcomparáid lena chéile, tá an cuma céanna tógála orthu, ceithre thúr i bhfoirm cearnóige thart timpeall ar chlós ina lár.

DÁ MBEADH CÓNAÍ ORT I GCAISLEÁN

Dá mbeadh cónaí ort i gcaisleán is dóichí go raibh leaba agat um chodladh agus díon mar chosaint ón mbáisteach. De ghnáth bheadh dóthain bia le n-ithe agat. Ach ar an drochuair, ba mhinic an caisleán faoi ionsaí agus cosaint de dhíth air.



Trasghearradh chaisleáin atá anseo. An féidir leat an staighre bíse a aimsiú?

Cistin chaisleáin atá anseo. An féidir leat rud ar bith atá á réiteach acu a ainmniú?

Dá mbeadh cónaí ort i sráidbhaile i gcóngar an chaisleáin is dóichí go mba leis an tiarna an teach cónaithe agat. Bhí seomra amháin sa teach ina ndéantaí ithe, cócaireacht agus codladh. Choimeádfá na hainmhithe istigh sa teach le linn na hoíche. Ba ghá duit cánacha a íoc leis an tiarna. Dá dtiocfadh arm chun an caisleán a ionsaí ba ghnáthach dóibh an sráidbhaile a chur trí thine.

Tá lucht an bhaile anseo ag tabhairt earraí le díol chun mhargaidh. Tá siad ag dul isteach ar thailte an chaisleáin. An féidir leat na gardaí a aithint?

CAISLEÁIN

Inniu beimid ag foghlaim faoi na caisleáin a thóg na Normannaigh.

OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works
Kilkenny
IRELAND'S ANCIENT EAST



THÓG NA NORMANNAIGH DHÁ CHINEÁL ÉAGSÚIL CAISLEÁN



Ar dtús thóg na Normannaigh caisleáin adhmaid toisc go bhféadfaí iad a thógáil go tapa. Móta agus bábhún a thugtar ar an gcineál seo caisleáin. Tógadh an dún adhmaid ar mhóta. Chónaigh an t-arm sa bhábhún.

Ba mhinic an t-adhmad ag lobhadh nuair a fliuchadh é. Mar sin ba ghá an caisleán a ath-thógáil. Féadfaidh adhmad deisithe a dhul trí thine agus mar sin bhí sé éasca é a ionsaí.



Is é an daingean an caisleán cloiche. Bhí cónaí ag na saighdiúirí sa bhábhún. Théidís isteach sa chaisleán dá dtiocfadh ionsaí orthu.

Nuair a tháinig deireadh le mórchuid éirí amach i Sasana, thosaigh na Normannaigh ar chaisleáin cloiche a thógáil. Tugtar caisleáin daingean cloiche orthu seo.

CÉ HÉ AN DUINE SEO? CÉARD A RINNE SÉ?

Is é seo Liam Marascal. Ba Ridire cáiliúil Normannach é agus cara le Rí Shasana, Anraí II. Bronnadh réimsí móra talún i Sasana agus in Éirinn air. Phós Liam Isibéal, iníon Strongbow; bhí sé ina Thiarna Laighean agus Iarla Pembroke, agus ar dhuine de na fir ba chumhachtaí sa Bhreatain agus in Éirinn.

CAISLEÁN CHILL CHAINNIGH SA MHEÁNAOIS

Léiriú atá anseo ar an gcuma a bheadh ar Chaisleán Chill Chainnigh le linn na Meánaoiseanna.



Caisleán Meánaoiseach – léaráid ealaíontóra

Íomhá:@ Daniel Tietzsch-Tyler

EOLAS FAOI CHAISLEÁN CHILL CHAINNIGH

Thóg Strongbow Caisleán Chill Chainnigh mar chaisleán mhóta agus bhábhúin

Ní raibh aon daingean i gCaisleán Chill Chainnigh

Thóg Liam Marascal an caisleán cloiche agus bhain sé úsáid as aolchloch Chill Chainnigh san obair

Bhí ceithre thúr i gCaisleán Chill Chainnigh; maireann trí thúr acu fós inniu

In 1395, chaith an Rí Risteard II mí Aibreáin i gCaisleán Chill Chainnigh

Má thagann tú go Caisleán Chill Chainnigh, féadfaidh tú an bunsraith meánaoiseach agus bonn an túir thiar, leis na lúba saighde agus an síleáil caolaigh, a fheiceáil.